

Céard is aireagóir ann?

Cruthaíonn aireagóirí rudaí nua. Réitíonn siad fadhbanna. Cheap Joseph ‘Spud’ Murphy blasóirí criospaí.



Seo é Joseph ‘Spud’ Murphy. Sular cheap sé blasóirí nua, ní bhíodh ach blas salainn ar chríospaí. Chruthaigh sé cáis agus oinniúin, agus blasóirí eile ina dhiaidh sin.

Oibríonn aireagóirí in go leor áiteanna oibre difriúla, ina measc:

- ▶ saotharlanna taighde
- ▶ a n-áit chónaithe
- ▶ ollscoileanna.

An Phríomhfhoghlaim agus **Scileanna Eolaíochta:**

- ▶ Fadhb atá le réiteach a fheiceáil.
- ▶ Bealach leis an bhfadhb a réiteach a thabhairt le fios.
- ▶ An réiteach ar an bhfadhb a thástáil.
- ▶ Dearbhú an réitíonn an réiteach an fhadhb.

Gnáth-ábhair

Céard is déantóir bréagán ann?

Dearann agus déanann déantóirí bréagán bréagáin nua. Roghnaíonn siad ábhair go cúramach chun bréagáin a oibríonn i gceart a dhéanamh. Mar shampla, teastaíonn ábhar sínteach i liathróid phreabach agus caithfidh bloicíní a bheith láidir.



Seo é Arvind Gupta. Is déantóir bréagán as an India é. Tá an-luí aige leis an eolaíocht.

De ghnáth, oibríonn déantóirí bréagán i:

- ▶ siopaí
- ▶ a n-áit chónaithe
- ▶ dearadh cluichí.

An Phríomhfhoghlaim agus **Scileanna Eolaíochta:**

- ▶ Cruthaitheacht nuair atá bréagáin nua á ndearadh, á ndéanamh agus á measúnú.
- ▶ An chaoi le bréagán nua a dhéanamh a fhoghlaim.

Céard is innealtóir struchtúr ann?

Dearann innealtóir struchtúr rudaí ar nós foirgneamh agus droichead. Roghnaíonn siad ábhair a bheidh láidir agus daingean, chun a chinntiú nach dtitfidh siad ná nach mbrisfidh siad.



Seo í Sophie. Is innealtóir struchtúr í.

Oibríonn innealtóirí struchtúr in áiteanna difriúla le daoine difriúla, ina measc:

- ▶ ailtirí
- ▶ tógálaithe
- ▶ innealtóirí eile.

An Phríomhfhoghlaim agus **Scileanna Eolaíochta:**

- ▶ A bheith in ann oibriú le go leor daoine eile chun struchtúir láidre a dhéanamh.
- ▶ A bheith go maith ag míniú an méid a d’aimsigh tú do dhaoine eile.

Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi ghnáth-ábhair a úsáid nuair a bheidh tú níos sine?